# Gaelscoil Thomáis Dáibhís, Mala

# Ár bPlean Foghlama Digití: 2023 - 2024

**Aithníomar go bhfuaireamar maoiniú EU NRRP chun freastal ar na hidirghabhálacha le cur i bhfeidhm ag baint úsáid as an gcistiú seo, ag díriú ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais tríd an deighilt dhigiteach.**
**2023/2024 Béim ar Google Workspace, E- punann ar Seesaw a chruthú nascaithe le FMS, Suíomh ghréasáin le hathnuachan.**

**2022/2023**
**Rinne 2 rang – Rang 5 / 6 an tionscadal Rebel le PDST, áit a d'fhoghlaim siad fé Symbaloo, cruthaitheoir PDF, Canvas, Vocaroo, Stáisiúin Ghaeilge chun Gaeilge a fhorbairt. Rinneadar tionscnaimh OSIE ar thíortha, ar chontaetha na hÉireann agus ar charactair stairiúil. Rinne Rang 1 agus 5 tuilleadh oibre ar chóid tré Code.org agus tré Lego WeDo. Tá punann ag gach páiste ar Seesaw. Úsáidtear na iPadanna chun litearthacht agus uimhirtheacht tríd na scoile a fhorbairt agus a fheabhsú.**

## 1.0. Réamhrá

Déantar torthaí ár bplean foghlama digití reatha a thaifeadadh sa cháipéis seo, lena n-áirítear spriocanna agus na gníomhartha a chuirfimid i bhfeidhm chun na spriocanna a bhaint amach.

### 1.1 Sonraí na Scoile:

Is Gaelscoil chomh oideachais í Gaelscoil Thomáis Dáibhís. Tá 413 dalta le 25 mhúinteoir. Tá 16 seomra ranga againne agus 5 mhúinteoir TFA agus múinteoir múineadh foirne againne. Tá 4 mhúinteoir ag roinnt poist. Tá 4.33 chúntóir riachtanais speisialta againne. Tagann formhór de na daltaí ón bhaile mór. Tá Coiste na dTuistí an-ghniomhach againn a thiomsaíonn airgead d'acmhainní scoile.

Tá 16 rang le PC ceangailte le clár bán idirghníomhach nó le scáileán idirghníomhach. Bíonn a ríomhaire glúine féin ag múinteoirí TFA. Tá gach ríomhaire ceangailte leis an bprintéir sa seomra fóirne.

Tá PC ag an bPríomh Oide agus ag an Rúnaí. Tá printéir ins an seomra foirne, in oifig an Rúnaí agus in oifig an Phríomh Oide.
Tá seomra ríomhaireachta againn le 25 PC ceangailte le printéir sa seomra sin.
Tá beart de 16 ríomhaire glúine coimeádta i stórás speisialta san fhoirgneamh nua.
Tá 2 bheart de 32 ipad coimeádta i mboscaí cuí - ceann díobh san fhoirgneamh nua agus ceann eile sa seanfhoirgneamh.
Tá beart de 20 sean ríomhaire glúine coimeádta ar seilfeanna san fhoirgneamh nua nó dáiltear iad amach chuig múinteoirí/ páistí sna ranganna má lorgaítear iad. Bíonn a ríomhaire/ iPad féin ag páistí áirithe molta ag an SENO. Tá roinnt ceamairí digiteacha ( 18) agus 2 fhíscheamaire ar fáil sa scoil.

**1.2 Fís na Scoile:**
Cuirtear oideachas trí Ghaeilge ar fáil agus sinne ag freastal ar fhorbairt acadúil, sprioradálta, cultúrtha, mórálta iomlán an pháiste. Treoraíonn ár mana “Mol an óíge agus tiocfaidh sí” ár gcuid gníomhaíochtaí.

Creidimid go bhfuil Plean Digiteach riachtanach:

Mar is scil ríthábhachtach í an teicneolaíocht san lá atá inniu ann chomh maith le bheith ina acmhainn thábhachtach oideachasúil i dteagasc agus i múineadh na bpáistí;

Ionas go mbeadh obair comhchoiteann, comhoibríoch agus macnamhach ar siúl ag páistí;

Chun deis a thabhairt do pháistí ábhar digiteach fiúntach a chruthú in áit an teicneolaíocht a úsáid i mbealach éighníomhach;

Chun fadhb réiteach agus scileanna criticiúla a fhorbairt maraon le samhlaíocht agus cruthaitheacht;

Chun cur chuige eiticiúil a fhorbairt i dtaobh úsáid na teicneolaíochta.

Chun an tionchar dearfach ag teicneolaíocht a aithint ar fhoghlaim roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu.

Chun cur chuige céimnithe sa teicneolaíocht a leanúint mar atá leagtha síos ag an scoil.

Chun riarachán éiféachtach a chur ar fáil

Chun teagmháil éifeachtach a dhéanamh idir/le múinteoirí, tuismitheoirí, an Bord Bainistíochta agus leis an bpobal mórthimpeall.

Chun teagmháil a dhéanamh le múinteoirí agus le scoláirí thar lear.

**1.3 Cuntas gairid ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa scoil go dtí seo:**
Foghlaim agus Múineadh:
Úsáideann na páistí an teicneolaíocht do thaighde do thionscnamh; do chló scríobh; chun taifead a thógaint den obair bhaile; chun teacht ar aipeanna áisiúla don fhoghlaim.
Úsáideann na Múinteoirí scáileáin idirghníomhacha, físeáin ar-líne, grianghrafanna agus áiseanna oideachasúla ar-líne ina dteagasc.
Úsaidtear Seesaw agus Zoom go forleathan tríd na scoile do mhúineadh/ don fhoghlaim/ do thaifead ar fhoghlaim le linn gnáth lá scoile agus le cian-fhoghlaim.
Úsáidtear Google Workspace le Rang 6 do scíbhneoireacht na haistí. Tugann sé taithí meán scoile dóíbh a leithéid a úsáid.

Riarachán: Tá Google Workspace for Education suite sa scoil agus tá e-phost scoile ag gach múinteoir.
Tá Aladdin suite sa scoile leis. Coimeádtar tinreamh, measúnú caighdeánach, sonraí ginearálta agus oideachas speisialta ar fhillteáin na bpáistí agus déantar teagmháil idir múinteoirí nó idir múinteoir agus tuismitheoirí ar Aladdin.
Úsáidtear Facebook agus Instagram na scoile chun Nuacht na scoile a chraoladh i measc an phobail scoile agus an phobail digiteach.
Eagraítear oíche ar chíbearbhulaíocht agus ar shábháilteacht ar líne d'thuismitheoirí agus do ranganna do pháistí 3 – 6 gach re bhliain
Scríobhadh an PUII/ AUP chun sábháilteacht ar líne na bpáistí agus na foirne a chinntiú.
Úsáidtear What's App Gaelscoil Chatters do theagmháil soisialta i measc na múinteoirí.
Úsáidtear suíomh ghréasáin na scoile chun pictiúr den scoil a thabhairt ar líne do thuismitheoirí agus don phobal.

Páistí: Freastalaítear ar na 4 Cs – macnamh criticiúil, cruthaitheacht, comhoibriú agus cumarsáid tríd ceardlanna Lego Wedo, Vex, Beebots ar cíos ón Ionad Oideachais agus www.code.org.

Tá sé mar aidhm againn béim níos láidre a chur ar rannphartaíocht na ndaltaí in úsáid na teicneolaíochta ina bhfoghlaim.

**2. A ndírítear air sa Phlean Foghlama Digití seo Fochoiste (curtha ar cheal 2022 – 2024 de bharr na hathruithe foirne ar scoil)**

Rinneamar measúnú ar fhoghlaim dhigiteach inár scoil le linn na dianghlasála x 2 agus ar an 1/2/2022. Rinneamar measúnú ar ár ndul chun cinn ag baint feidhm as na foinsí fianaise seo a leanas:

Coiste TEIC na nGaelscoile Ailín Attridge, Deirdre Ní Laoire, Angela de Róiste, Emma Nic Ghearailt, Tomás Ó Conchubhair, Maire Ní Mhainnín, Labhrás Ó hIcí, Síle Ní Ríogáin, Síle Ní Ríordáin agus Dónal Ó Murchú.
D'aontaíomar go raibh an fhorbairt ar scileanna TEIC sa scoil go hiondúil le 2 bhiain anuas de bharr na dianghlasála. D'úsáideamar Seesaw agus Zoom mar ardáin foghlama agus tá gach éinne anois idir mhúinteoirí agus pháiste compordach le hobair dhigiteach.

Mar a bhí thuasluaite, rinneadh suirbhéanna ar thuismitheoirí x 2 tar éis na tréimhsí cianfhoghlamtha agus bhí roinnt tuismitheoirí tar éis infheistíocht a dhéanamh i ríomhairí/ taibléidí chun teacht ar na hardáin foghlamtha. Tháinig feabhas ar a gcuid scileanna ríomhaireachta leis an scolaíocht sa bhaile chomh maith agus taid báúil i dtaobh teicneolaíocht san fhoghlaim.

Bhí gach ball sa choiste chun measúnú a dhéanamh ar an PÚII againne.

D'eagraíodh fo-choiste chun iniúchadh ar athnuachan ar an suíomh ghréasáin na scoile ( Deirdre, Angela agus Máire)

Roghnaíodh duine eile chun féachaint ar Turas Fhíorúil a eagrú ( Emma)

Rinneadh cinneadh chun an Plean Digiteach a scríobh suas ag an gcéad gcruinniú eile.

Rinneamar tobchumadh ar na torthaí foghlamtha gur mhaith linn a fheiscint sa scoil don 2 bhliain romhainn. Táimid sásta bualadh gach re mhí agus athbhreithniú / ainilís a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí. **Fo-choiste curtha ar cheal leis an athrú foirne 22/24 – Tháinig Claire Ní Ríordáin ó Oide ar an 22/1/23 chun oiliúnt foirne a thabhairt ar e Punann ar Seesaw agsu ar Google Classroom agus chun comhairle a thabhairt ar an bplean dhigiteach.**

### 2.1 Na gnéithe agus na réimsí ón gCreat Foghlama Digití (arna roghnú)

| Gné 1: Teagasc agus Foghlaim | Gné 2: Ceannaireacht agus bainistiú |
|---|---|
| Torthaí d'fhoghlaimeoirí<br>Eispéiris foghlaimeoirí<br>Cleachtas múinteoirí aonair<br>Cleachtas comhchoiteann múinteoirí | An fhoghlaim agus an teagasc a threorú<br>An eagraíocht a bhainistiú<br>Forbairt na scoile a threorú.<br>Ag forbairt cinnearachta |

### 2.2 Na caighdeáin agus na ráitis ón gCreat Foghlama Digití (arna roghnú)

| Caighdeán | Ráiteas/Ráitis |
|---|---|
| **Torthaí d'fhoghlaimeoirí**<br>Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an tiománta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach. |
| | |
| **Forbairt na scoile a threorú**<br>Caidrimh a chruthú agus a chothú le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne | Tá straitéis fhollasach cumarsáide i bhfeidhm sa scoil, ina sainaithnítear agus ina n-úsáidtear láithreáin gréasáin agus líonraí sóisialta, chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobal uile na scoile. |

**2.3. Seo a leanas achoimre ar ár láidreachtaí maidir le foghlaim dhigiteach**

- Cumas agus muinín an mhaith ag múinteoirí. Meon dearfach i dtaobh foghlaim agus múineadh digiteach.
- Treallamh nua ar fáil idir ríomhaire glúine, scáileán teilifíse agus iPadanna.
- Córas againn obair bhaile seachtainiúil ar a laghad a chur suas ar Seesaw.
- Tionscnaimh cruthaithe go rialta ag páistí ag baint feidhm as an dteicneolaíocht don taighde agus don léiriú.
- Ríomhlann
- Caidreamh digiteach iontach idir scoil agus tuismitheoirí tríd Aladdin / r-phost/ Facebook/ Instagram agus Seesaw.
- CPD ar chúrsaí TEIC déanta ag roinnt múinteoirí d'fhorbairt ghairmiúil pearsanta – Google; Rebel.
- Cúnamh agus comhairle an mhaith ó Stephen agus ó Sentinel Computers.

**2.5 Díreoimid ar an méid seo a leanas d'fhonn ár bhfoghlaim dhigiteach a fheabhsú níos mó**

- PÚII a fheabhsú ag tabhairt san áireamh na h-ardáin foghlama in úsáid – Seesaw, Zoom agus Google Workspace.
- Contanam céimnithe de scileanna teicneolaíochta a leanúint ag feabhsú scileanna na bpáistí ó rang go rang. Béim ar pháistí ag cruthú ábhair tríd Keynote / Powerpoint ar iPadanna/ R. Glúine.
- E-punann ar Seesaw a úsáid don Fhéinmheastóireacht Scoile ( Fillteán SALF)
- Google Workspace a úsáid le Rang 6.
- Suíomh Ghréasáin na scoile a athnuachan.

**3. Ár bPlean Foghlama Digití**

Tá an méid seo a leanas á thaifeadadh againn ar an gcéad leathanach eile:

- Na **spriocanna** le haghaidh feabhsú atá leagtha amach againn
- Na **gníomhartha** a chuirfimid i bhfeidhm chun iad sin a bhaint amach
- **Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, as monatóireacht a dhéanamh air agus as athbhreithniú a dhéanamh air
- Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus **torthaí** a sheiceáil (critéir i gcomhair rathúlachta)

Déanfaimid an méid seo a leanas a thaifeadadh de réir mar a chuirimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm:

- An **dul chun cinn** a rinneadh, na **coigeartuithe / athruithe** a rinneadh, agus **cathain**
- **Spriocanna a baineadh amach** (cinn a bhí ann ar dtús agus cinn a athraíodh), agus **cathain**

# Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim Dhigiteach 2023/2024

| |
|---|
| **RÉIMSE: (Ón gCreat Foghlama Digití) Torthaí d'fhoghlaimeoirí** |
| **CAIGHDEÁN/CAIGHDEÁIN: (Ón gCreat Foghlama Digití)**<br><br>Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an tiománta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí. |
| **RÁITEAS/RÁITIS: (Ón gCreat Foghlama Digití)**<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannphártaíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach. |
| **Spriocanna: (Cad is mian linn a bhaint amach?)**<br><br>Netiquette agus Sábháilteachas ar líne ( Webwise) a mhúineadh ag tús gach téarma<br>Seesaw a úsáid chun E - Punann a chruthú don féin mheastóireacht agus chun dul chun cinn a thaifead sna haistí ( nascaithe leis an litriú mar sprioc san Fhéin Mheastóireacht Scoile)<br>Google Workspace a thriail ag Rang 6 chun Aistí a scríobh agus a roinnt le Múinteoir Ranga.<br>**<u>Leanúnach ó 22/23</u>**<br>Contanam de Scileanna Teicneolaíochta á leanúint ó rang go rang.<br>Tionscnaimh/ Eolas a chruthú agus a léiriú tríd Word/ Powerpoint/ Keynote/ Seesaw ag brath ar chumas an pháiste/ an ranga. |

| GNÍOMHARTHA<br>(Cad is gá a dhéanamh?) | AMCHREAT<br>(Cén spriocdháta a luaitear leis?) | SAINCHÚRAIMÍ<br>(Cé a dhéanfaidh é?) | ACMHAINNÍ<br>(Cad iad na hacmhainní atá de dhíth?) | CRITÉIR RATHÚLACHTA<br>(Cad iad na torthaí atá ag teastáil?) |
|---|---|---|---|---|
| • Netiquette agus Sábháilteachas ar líne (Webwise) /Nuacht bréagach a mhúineadh ag tús gach téarma. | • Tús gach téarma agus nuair is gá.<br>• 05/02/2024 Lá sábháilte arlíne a cheiliúradh. | • Múinteoir Ranga | • Webwise/ Zeeko ar líne agus AUP/ PÚII | • Beidh páistí ar an eolas faoi netiquette agus conas a bheith sábháilte ar líne. |
| Seesaw:<br>• E-Punann Highlights ar Líne don taispeántas Féinmheastóireacht – Dréacht 1 agus 2 d'aistí a shábháil gach téarma . Seo nascaithe leis an bhfócas FMS ar litriú i 23/24. | • Nollaig 2023, Márta 2024, Meitheamh 2024 | • Gach múinteoir le cabhair ó mic léinn.<br>• Múinteoirí Ranga | • iPadanna/ Idirlíon<br>• Tuairisc D na Bliana ag déanamh tagairt don O/B ar Seeaw | • Ón Nollaig, gg de dréacht 1 agus 2 d'aistí in Epunann ar Seesaw. |
| • Obair Seachtainiúil ar Seesaw. | • Leanúnach ó MF 2021 | • Múinteoir ranga / Múinteoir TFA | • R. Glúine/ iPadanna/ Idirlíon | • Páisti compordach agus neamhspleách ar Seesaw. |
| 2023/2024<br>• Eolas / Tionscnamh a chruthú<br>• Google Workspace le triail ag Rang 6 | • Deireadh Fómhair ar aghaidh go téarmúil go Meitheamh 2024 | • Múinteoir ranga / TFA | • R. Glúine/ iPadanna/ Idirlíon | • Páistí in ann a n-eolas a léiriú ar Seesaw/ PP/ nó Word doc/ Keynote/ Google Workspace Malairt Foghlama : Flipped classroom; Ag léiriú don rang. |

Nósanna Imeachta Measúnaithe:
Aiseolas ag cruinniú foirne agus ag P an C, Taifead d'úsáid teicneolaíochta sna cuntaisí míosúla nua ( Téarma 3 2024), Spriocdátaí d'uaslódáil na haistí ar 'Highlights' ar Seesaw. Léiriú na dtionscnamh os comhair an ranga.

**RÉIMSE: (Ón gCreat Foghlama Digití) Forbairt na scoile a threorú**

**CAIGHDEÁN/CAIGHDEÁIN: (Ón gCreat Foghlama Digití)**

Caidreamh a chruthú agus a chothú le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne

**RÁITEAS/RÁITIS: (Ón gCreat Foghlama Digití)**

Tá straitéis fhollasach cumarsáide i bhfeidhm sa scoil, ina sainaithnítear agus ina n-úsáidtear láithreáin gréasáin agus líonraí sóisialta, chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobal uile na scoile.

**Spriocanna: (Cad is mian linn a bhaint amach?)**

Suíomh na scoile a athnuachan / a athdhearadh.

Leanúnachas le FB/ Instagram na scoile a úsáid chun teagmháil dearfach oideachasúil a dhéanamh le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne.

| GNÍOMHARTHA (Cad is gá a dhéanamh?) | AMCHREAT (Cén spriocdháta a luaitear leis?) | SAINCHÚRAIMÍ (Cé a dhéanfaidh é?) | ACMHAINNÍ (Cad iad na hacmhainní atá de dhíth?) | CRITÉIR RATHÚLACHTA (Cad iad na torthaí atá ag teastáil?) |
|---|---|---|---|---|
| Dul siar ar an bplean don suíomh<br><br>FB / Instagram na scoile | Meitheamh 2024<br><br>Gach Aoine/ go seachtainiúil mar is gnáth | Diarmuid agus Angela.<br><br>Deirdre agus Emma ( Pobal) | R. Glúine x 2 agus cartlann de grianghraif<br><br>Ríomhaire glúine/ Fón/ What's app/ Ceamairí/ | Suíomh cáirdiúil ag léiriú eolais faoin ár scoil.<br><br>Lucht leanúna na Gaelscoile ag meadú |

Nósanna Imeachta Measúnaithe: Seiceáil isteach ar Dhiarmuid

FB/ Instagram na scoile -spriocdátaí seachtainiúil